Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Aibreán 2021
(OR. en)

8112/21

Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0066(NLE)

MAR 67
OMI 33
ENV 251

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	7252/21
Uimh. an doic. ón gCoim.:	7139/21
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta le linn an 103ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta agus an 76ú seisiún den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, ar an gCód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar mar chuid de Shuirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola, ar an gCód Idirnáisiúnta um Chórais le haghaidh Sábháilteacht ó Dhóiteáin agus ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Chórais Dhíobhálacha Frithsmálaithe ar Longa a Rialú – Glacadh

RÉAMHRÁ

1. An 18 Márta 2021, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle.

2. Baineann an togra le seasamh an Aontais a bhunú don 103ú seisiún den Choiste Muir-Shábháilteachta (MSC 103) agus don 76ú seisiún den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (MEPC 76) de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO) maidir le leasuithe a ghlacadh ar an méid seo a leanas:

a) Cuid A den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Caighdeáin Oiliúna, Deimhniúcháin agus Faire do Mharaithe, 1978 (Coinbhinsiún STCW) (chun leibhéal oibríochtúil fheidhmeanna an 'oifigigh leictriteicniúil' a shoiléiriú agus sainmhíniú comónta ar an téarma 'ardvoltas' a thabhairt isteach);

b) Iarscríbhinn 2 a ghabhann le cuid A d'Iarscríbhinn B den Chód Idirnáisiúnta maidir le Clár Feabhsaithe na nIniúchtaí a dhéantar mar chuid de Shuirbhéanna ar Bhulc-iompróirí agus ar Thancaeir Ola. 2011 (Cód ESP 2011) (chun go mbeidh suirbhéirí in ann díriú ar limistéir a bhfuil amhras fúthu agus iad ag glacadh toisí tiúis i dtancaeir ola cabhlach dúbailte);

c) Caibidil 9 den Chód Idirnáisiúnta um Chórais le haghaidh Sábháilteacht ó Dhóiteáin (Cód FSS) (chun freastal ar chórais ina gcomhcheanglaítear an tsábháilteacht fheabhsaithe a ghabhann le brathadóirí dóiteáin is féidir a shainaithint go leithleach ar ceanglas iad a bheith i longa paisinéirí, agus an tsábháilteacht a ghabhann le haonrú lochtanna trí shainaithint de réir na roinne, rud nach bhfuil chomh casta ná chomh costasach agus atá inghlactha faoi láthair maidir le lastlonga agus maidir le balcóiní na gcábán i longa paisinéirí, agus maidir leo siúd amháin);

d) Iarscríbhinní 1 agus 4 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta ar Chórais Dhíobhálacha Frithsmálaithe ar Longa a Rialú, 2001 (Coinbhinsiún AFS), (chun a áirithiú go mbeadh toirmeasc domhanda ann ar an tsubstaint frithsmálaithe, ciobúitrín, substaint a bhfuil sé toirmiscthe cheana féin í a dhíol agus a úsáid laistigh den Aontas).

3. Maidir leis na leasuithe ar Choinbhinsiún STCW, ar Chód ESP 2011 agus ar an gCód FSS, a bhfuiltear ag súil go nglacfar iad le linn MSC 103, bheidís in ann tionchar cinntitheach a imirt ar a bhfuil i reachtaíocht an Aontais, eadhon i dTreoir 2008/106/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], i Rialachán (AE) Uimh. 530/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] agus i dTreoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], faoi seach.

---

1 Treoir 2008/106/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir leis an íosleibhéal oiliúna ar mharaithe (IO L 323, 3.12.2008, lch. 33).

2 Rialachán (AE) Uimh. 530/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le ceanglais cabhlach dúbailte nó ceanglais deartha choibhéiseacha a chéimniú isteach ar mhodh luathaithe do thancaeir ola aonchabhlach (IO L 172, 30.6.2012, lch. 3).

3 Treoir 2009/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 maidir le rialacha agus caighdeáin sábháilteachta le haghaidh longa paisinéirí (IO L 163, 25.6.2009, lch. 1).

4. Maidir leis na leasuithe ar Choinbhinsiún AFS, a bhfuiltear ag súil go nglacfar iad le linn MEPC 76, bheidís in ann tionchar cinntitheach a imirt ar a bhfuil i reachtaíocht an Aontais, eadhon i Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1].

OBAIR LAISTIGH DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

5. Scrúdaigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra an 23 Márta 2021. Tar éis an chruinnithe sin, rinneadh modhnuithe ar an téacs agus cuireadh chuig na toscaireachtaí iad le haghaidh barúlacha faoin 30 Márta 2021. Níor chuir aon toscaireacht i gcoinne an téacs mhodhnaithe.

6. Chuir an Coimisiún in iúl go raibh imní air faoi chuid de na leasuithe a rinneadh ar an togra bunaidh agus d'fhógair sé go raibh sé ar intinn aige ráiteas a chur le miontuairiscí Choiste na mBuanionadaithe.

7. Ag eascairt as an gcomhaontú ar thángthas air ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlítheangeolaíocha na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréacht-Chinnidh ón gComhairle.

CONCLÚID

8. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 7527/21 é, a d'ullmhaigh na seirbhísí dlítheangeolaíocha, a scrúdú agus a fhormhuiniú agus é a tharchur chuig an gComhairle lena ghlacadh.

9. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid (IO L 167, 27.6.2012, lch. 1).